GX 2682

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Scrúduithe Sheimeastar 1, 2003/2004
Teimpléad don Chéad Leathanach

Có(i)d Scrúdaithe: 3BA1, 3BA5, 4BA1 1OA1, 1EM1

Scrúdú/Scrúduithe: 3ú bliain sna Dána

Có(i)d Modúil: SP404 Forbairt agus Athrú

Modú(i)l: Staidéar Socheolaíochta & Polaitíochta

Páipéar Uimh.
Páipéar Athscrúdaithe

Páipéar Speisialta

Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a): An tOllamh Richard Jenkins

Scrúdaitheoir(í) Inmheánach(a): An Dr Su-ming Khoo

Treoracha: Freagair **TRÍ** cheist, ceist AMHÁIN as gach roinn.

Fad: 3 huaire an chloig

Líon na bhFreagarleabhar: 1

Líon na Leathanach

Roinn/Ranna: Eolaíocht Pholaitiúil agus Socheolaíocht

SP404 Forbairt agus Athrú

Freagair **TRÍ** ceist ar fad. Ní mór duit ceist AMHÁIN AR A LAGHAD as gach roinn a fhreagairt

ROINN A

1. Dar le Hettne, 'the concept of development has tended to gain in depth and richness as the ugliness and brutality of actual processes of conventional economic growth or "actually existing development" are revealed'. Déanann Hettne an argóint go bhfuil múnlaí ailtéarnacha forbartha ag teacht ar an bhfód. Mínigh cuid de na príomhidéanna atá le fáil sa choincheap a bhaineann le 'forbairt eile' nó 'ailtéarnach'. Féadfaidh tú do phlé a léiriú trí úsáid a bhaint as idé shonrach amháin nó níos mó laistigh den scoil smaointeoireachta 'ailtéarnach'.

2. Tugtar idé an dul chun cinn le fios le 'forbairt', ach cumhdaíonn an téarma spriocanna agus físeanna éagsúla, spriocanna agus físeanna a théann in iomaíocht lena chéile ar uairibh. Pléigh an chaoi a dtreoraíonn dearcaí agus sainmhínithe éagsúla na forbartha úsáid táscairí agus tomhasanna éagsúla do dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch.

3. ROGHNAIGH

3a) Rinne Peter Preston an argóint seo a leanas: 'the background to modernization theory is suffused with the political concerns of the USA in the late 1950s and early 1960s'. Pléigh an comhthéacs níos leithne polaitiúil agus eacnamaíoch atá taobh thiar d'idéanna na scoile nuachóiriúcháin. Cén chaoi ar mhúnlaigh an comhthéacs sin a gcuid idéanna.

NÓ

3b) Pléigh agus scrúdaigh go criticiúil an loighic agus na toimhdí atá mar bhonn le cur chuige na scoile nuachóiriúcháin i leith na forbartha. Cé na cineálacha criticí a rinneadh faoi theoiric an nuachóiriúcháin?

4. Cad iad príomhléargais treoiric an Spleáchais? Tabhair cuntas agus pléigh na míniúcháin a thug teoiriceoirí an Spleáchais ar an bhforbairt, nó ar easpa forbartha. An bhfuil na míniúcháin sin fós ábhartha do shaincheisteanna forbartha an lae inniu?

ROINN B

5. Cén dearcadh a bheadh ag cur chuige na 'forbartha daonna' i leith fhadhb na forbartha? Pléigh an chaoi a bhféadfaí cur chuige na forbartha daonna a chur i bhfeidhm ar fhabhbanna fiachais, talmhaíochta nó míleataithe. Féadfaidh tú díriú ar fhadhb amháin, ar an dá fhadhb nó ar na trí fhadhb sin.

6. Maítear go minic gur réiteach iad teicneolaíochtaí nua-aimseartha talmhaíochta ar fhadbhanna an ocrais agus na tearcfhorbartha talmhaíochta. Pléigh an maíomh sin i ndáil le feidhmiú na 'Réabhlóide Glaise' AGUS/NÓ na dteicneolaíochtaí nua géininnealtóireachta.

7. Tabhair cuntas agus pléigh an bhrí atá le baint as prionsabal Rio, 'freagracht choiteann ach dhifreáilte' don chomhshaol domhanda. Ba chóir duit míniú a thabhairt ar sheasaimh éagsúla an 'Tuaiscirt' thionsclaíoch versus an 'Deiscirt' i mbéal forbartha maidir le feidhmiú bhearta cosanta chomhshaol an domhain.

8. Cén fáth ar srathaíodh Beartais Choigeartaithe Struchtúracha (SAP) ar thíortha i mbéal forbartha? Pléigh tionchair dhiúltacha SAP agus déan measúnú orthu. Ar chóir d'imharthanacht fiachais agus coigeartú struchtúrach leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar phríomhchoinníollacha do thíortha bochta atá go mór i bhfiacha chun cáiliú d'fhaoiseamh fiachais?

9. Cad iad tionchair dhiúltacha an mhíleataithe agus na trádála arm ar an tsíocháin agus ar shlándáil dhaonna sa domhan seo i ndiaidh an Chogaidh Fhuair? Maidir leis na bearta rialachais dhomhanda sin a éilítear chun críche iomadú arm a rialú, cén fáth a bhfuil sé chomh deacair na bearta sin a chur i bhfeidhm?